CEACHT 28

NA PICTIÚIR



Pictiúr: Radharc:

(a) Ar an mbóthar, Páid agus Seán ag caint, teach na bpictiúr, píosa deich bpingin, píosa cúig phingin, Páid ag cailleadh a chuid airgid, an scoil agus í dúnta, comhartha ceiste agus ciorcal cainte; (b) Páid agus Seán agus iad ina seasamh taobh amuigh den phictiúrlann agus iad ag caint, clog.

Céim 4: Carr, stampa, páipéar grinn; sciorta (Ceacht 22), piscíní (Ceacht 23).

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tá lá saoire ag Seán agus ag a dheartháir. Ba mhaith leo dul go dtí na pictiúir. Fuair Seán deich bpingin inné. Níl aon airgead ag Páid bocht.

Agallamh

SEÁN: An rachaimid go dtí na pictiúir?
PÁID: Níl aon airgead agam.
SEÁN: Nach raibh cúig phingin agat inné?
PÁID: Bhí. Ach bhí poll i mo phóca agus chaill mé é.
SEÁN: Tabharfaidh mé cúig phingin duit.
PÁID: Go raibh maith agat.
SEÁN: Tá sé in am dul isteach anois.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Níl na buachaillí ar scoil?
Ba mhaith leo dul go dtí an sorcas, is dócha?
Céard a fuair Seán?
Agus Páid bocht?

Bhuel, a "Sheáin", cuir ceist ar Pháid faoi na pictiúir.
Céard a deir tusa leis sin, a "Pháid"?
Cuir ceist air faoin lá inné, a "Sheáin".
Freagair é, a "Pháid".
Ach céard faoi do phóca?
Agus céard a tharla?
Céard a dhéanfaidh tusa, a "Sheáin"?
Anois, cad a deir tú, a "Pháid"?
Céard a deir tú faoin am, a "Sheáin"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Ba mhaith *leo* dul go dtí na pictiúir.

   (*mise, tusa, eisean, ise, na buachaillí, Seán*).

2. Níl aon *airgead* agam.

   (*cóta, sciorta, carr, glantóir, stampa, bia, páipéar grinn, piscín,* etc.).

3. *Chaill* mé é.

   (*gach lá, amárach;* níor, ar?: *inné*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Páiste ag cur síos ar an lá a ndeachaigh sé féin go dtí na pictiúir: páistí eile á cheistiú faoi;
   nó
   Páiste ag cur síos ar phictiúr a chonaic sé ar an teilifís.

3. Dráma:
   ag fáil airgid ó Dhaidí chun dul go dtí na pictiúir.

4. Dráma beag nó mím a dhéanamh de phictiúr éigin a chonaic na páistí:
   m.sh. buachaill bó agus é ag robáil bainc: na páistí eile ag cur síos ar a bhfeiceann siad.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Bhí pictiúr maith ar siúl aréir
I bpictiúrlann an bhaile,
Fuair Páid agus Seán cead dul ann
Le cúpla buachaill eile.

II

Bhí poll an-mhór i gcóta Pháid
Is caill sé praghas na dticéad,
Bhí brón ar Pháid ag teacht ar ais
Is é ag gol 's ag caoineadh.